



Uimhir Lárionaid

71

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
2009–2010

Eolaíocht: Teastas Singil (Modúlach)

Ábhair agus a mBainistíocht
Modúl 4

Bonnsraith

[GSC41]



DÉ HAOINE 21 BEALTAINE 2010, MAIDIN

AM

45 nóiméad

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **sé** cheist

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 45 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Tá Bileog Sonrai, ina bhfuil Tábla Peiriadach na ndúl, ar fáil duit.

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
6	

Marc Iomlán	

- 1 (a) Cuireann na focail seo a leanas síos ar dhóigheanna tábhachtacha ar féidir ábhair a úsáid.

sreang leictreach : **droichid** : **málaí**


insliú balla : **tíleanna urláir** : **léinte**

Roghnaigh focail ón liosta thusa leis an tábla thíos a chomhlánú. Tá an chéad cheann déanta.

Ábhar	Úsáid
plaisteach	málaí
ceirmeach	
copar	
snáithín	
iarann	

[4]

- (b) Is as gloine a dhéantar a lán coimeádán le haghaidh leachtanna.



Cad é a fhágann gur coimeádán maith é gloine le leachtanna a stóráil?
Ticeáil (✓) 3 bhosca chearta.

Tá gloine sobhriste	
Tá gloine láidir	
Tá gloine éadrom	
Tá gloine neamh-imoibríoch	
Tá gloine trédhearach	
Tá leáphointe íseal ag gloine	

[3]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

- (c) Is as plaisteach a dhéantar a lán buidéalanois.


Luaigh dhá fháth a n-úsáidtear plaisteach in áit gloine le buidéil a dhéanamh.

1. _____
2. _____ [2]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

- 2 (a) Anseo thíos tá ceithre chodán a fhaightear ó amhola. Meaitseáil gach codán le húsáid **amháin**.

Tá ceann amháin déanta cheana féin.



- (b) Ainmnigh an próiseas a úsáidtear leis na hidreacarbón dhifriúla in amhola a dheighilt.

Ciorclagh an freagra ceart.

scagachán : crómatagrafaíocht : driogadh codánach

[1]

- (c) Tá meatán (CH_4) ar cheann de na gáis atá i ngás scaglainne.


- (i) Ainmnigh an **dá** dhúil atá i meatán. Is féidir go mbeidh an Bhileog Sonrai ina cuidiú.

_____ agus _____ [1]

- (ii) Luaigh iarmhairt dhochrach **amháin** don timpeallacht as gás meatáin a dhó.

_____ [1]

- 3 Taispeánann an bharrachaírt thíos an céatadán de chineálacha éagsúla dramhaíola a fuarthas i bpáirc bhaile.



- (a) (i) Cad é an céatadán de dhramhaíl ar buidéil ghloine é?

_____ % [1]

- (ii) Luaigh ábhar, dar leat, a bheadh i gceist le ‘dramhaíl eile’.

_____ [1]

- (b) Is sampla d’ábhar in-bhith-dhíghrádaithe iad máláí plaisteacha.

- (i) Mínigh ina ionnláine an téarma **in-bhith-dhíghrádaithe**.

_____ [2]


- (ii) Ba chóir d’ollmhargaí níos lú máláí plaisteacha a úsáid. Luaigh **dhá** fháth timpeallachta le cad chuige.

1. _____


2. _____ [2]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc


4 Taispeánann an léaráid thíos ceithre chineál de mhéararloirg.




A



B



C



D

© McGraw-Hill Education

(a) Ó na méarlooирг thusas (A, B, C nó D), sainaithin an:

(i) Lúb _____

(ii) Dual _____

[2]

(b) Cuir síos ar an dóigh a bhfaighfeá do mhéarlorг ar pháipéar dubh snasta.

Ba chóir go mbeadh na rudaí seo a leanas sa chur síos:

- an dóigh a gcuirtear an méarlorг ar an pháipéar
- an púdar a úsáidtear
- an dóigh le farasbarr púdair a bhaint ar shiúl
- an dóigh leis an mhéarlorг a thógail ón dromchla dubh.

[4]

(c) Úsáidtear méarlooирг le coireanna a fhuascailt. Ainmnigh teicnic eolaíochta eile a úsáideann póilíní chun coireanna a fhuascailt.

[1]

(d) Tá sé tábhachtach earraí luachmhara a chosaint sa bhaile. Luaigh dhá dhóigh ar féidir seodra sa bhaile a chosaint ar ghadaíocht.

1. _____

2. _____

[2]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

5 (a) Is ábhair chliste iad péint fhótacrómach agus péint theirmeacrómach a athraíonn nuair a athraíonn cúinsí na timpeallachta máguaird.

- (i) Cad é an cúnse timpeallachta a thugann ar phéint fhótacrómach athrú?

[1]

- (ii) Anseo thíos tá buidéal diúil linbh.



Tá an buidéal déanta as plaisteach teirmearcómach a athraíonn dath nuair a athraíonn an teocht.

Luaigh an dóigh a mbeadh sé níos sábháilte an buidéal a úsáid mar gheall air seo.

[2]

- (b) Úsáid cáithní ná naimhéide atá i gceist le nanaitheicneolaíocht.

- (i) Mínigh ina hiomláine an chiall atá le **nanaitheicneolaíocht**.

[2]

- (ii) Luaigh dóigh amháin a n-úsáidtear nanaitheicneolaíocht.

[1]

- (iii) Cá mhéad ná naimhédar atá i méadar amháin?

Ciorcláigh an freagra ceart.

10^{-9}

10^9

10^3

10^{-3}

[1]

Scrúdaitheoir Amhán	
Marcanna	Athmharc

- 6 Tá uisce crua ina lán limistéar i dTuaisceart Éireann. Salainn áirithe de chailciam agus de mhaignéisiam is cúis le cruas.



Reproduced with the permission of Fermanagh District Council

- (a) (i) Mínigh ina hiomláine an chiall atá leis an téarma **uisce crua**.

[2]

- (ii) Ainmnigh comhdhúil a fhoirmíonn uisce crua buan.

[1]

- (b) Tháståil daltaí ceithre shampla d'uisce (A, B, C agus D) le haghaidh crualais.

Tá na torthaí anseo thíos.

Sampla	A	B	C	D
Toirt an tuaslagáin ghallúnaí a bhí de dhíth (cm^3) roimh fhiuchadh	21	26	24	18
Toirt an tuaslagáin ghallúnaí a bhí de dhíth (cm^3) i ndiaidh fiuchta	11	12	24	13

Ó na torthaí, cén sampla (A, B, C nó D):

(i) ina bhfuil an t-uisce is crua? _____

(ii) nach bhfuil ach uisce crua buan ann? _____

(iii) a bhfuil an fhadhb is mó aige le ‘fionnadh’ ar chiteal? _____ [3]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

- (c) Hidrigincharbónait chailciam is cúis le cruas neamhbhuan in uisce. Comhlánaigh an chothromóid focal lena tháisceáint cad é mar a bhaintear cruas sealadach ar shiúl trína fhiuchadh.

Hidrigincharbónait chailciam → uisce + _____ + _____

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

[2]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.